(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)

GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Bealtaine 2000

ag bunú i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Abhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe d'Airteagail 31(a) agus 34(2)(d) de,

Ag féachaint don tionscnamh ó na Ballstáit,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bhrí:

(1) D'fhonn cuspóirí an Aontais a ghnóthú gur chóir na rialacha um chúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus gur chóir Coinbhinsiún, mar atá arna leagan amach san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, a bhunú chuige sin.

(2) Go dtagann cuid d'fhorálacha an Choinbhinsiúin faoi raon feidhme Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe a chur i bhfeidhm d'fhonn an Comhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt [2].

(3) Gur mar sin atá maidir le hAirteagail 3, 5, 6, 7, 12 agus 23 agus, a mhéad is ábhartha do Airteagal 12, maidir le hAirteagail 15 agus 16, agus a mhéad is ábhartha do na hAirteagail dá dtagraítear, maidir le hAirteagal 1.

(4) Fad a bhaineann leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen [3] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go ndearnadh iad a urramú maidir leis na forálacha sin.

(5) Agus an Gníomh seo a bheith glactha á chur in iúl do Phoblacht na hÍoslainne agus do Ríocht na hIorua i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(a) den Chomhaontú réamhluaite, go gcuirfear an dá Stát sin ar an eolas faoi inneachar Airteagal 29 ach go háirithe maidir le teacht i bhfeidhm don Íoslainn agus don Iorua agus go n-iarrfar orthu, nuair a chuireann siad an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas ar an dá Stát sin a rialacha bunreachtúla a chomhall, na ráitis ábhartha faoi Airteagal 24 den Choinbhinsiún a thíolacadh,

TAR ÉIS A CHINNEADH go mbunaítear leis seo an Coinbhinsiún a bhfuil an téacs de san Iarscríbhinn agus atá arna shíniú ar an lá seo ag na hIonadaithe do na Rialtais de Bhallstáit an Aontais;

---

(1) Tuairim arna tabhairt ar an 17 Feabhra 2000 (níl sé foilsithe fós san Iris Oifigiúil).

(2) IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

(3) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach;

Á IARRAIDH ar na Ballstáit na nósanna imeachta is inheidhme chuige sin a thosú roimh an 1 Eanáir 2001.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Bealtaine 2000.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. COSTA

IARSCRÍBHINN

COINBHINSIÚN

arna bhunú ag an gComhairle i gcomhéir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Choinbhinsiún seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG TAGAIRT don Ghníomh ón gComhairle ag bunú an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Abhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

ÓS MIAN LEO an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir Ballstáit an Aontais a fheabhsú, gan dochar do na rialacha a chosnaíonn saoirse an duine,

AG CUR I bhFIOS DÓIBH gur ábhar leasa choitinn ag na Ballstáit a áirithiú go soláthraítear cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit ar dhóigh atá tapa éifeachtúil agus atá ag luí le bunphrionsabail a ndlí náisiúnta agus atá ar cothrom le cearta agus prionsabail aonair an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a síníodh sa Róimh ar an 4 Samhain 1950,

AG CUR IN IÚL an mhuinín atá acu i struchtúr agus in oibriú a gcóras dlí agus in ábaltacht na mBallstát uile triail chóir a ráthú,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU an Coinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla an 20 Aibreán 1959 agus Coinbhinsiúin eile atá i bhfeidhm sa réimse seo a fhorlíonadh le Coinbhinsiún de chuid an Aontais Eorpaigh,

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil forálacha na gCoinbhinsiún sin infheidhme fós ar gach ábhar nach bhfuil folaithe sa Choinbhinsiún seo,

DE BHRÍ gur mór ag na Ballstáit an comhar breithiúnach a neartú le linn dóibh leanúint de phrionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm,

AG MEABHRÚ DÓIBH go ndéanann an Coinbhinsiún seo an cúnamh frithphairteach in ábhair choiriúla a rialáil, arna bhunú ar phrionsabail Choinbhinsiún an 20 Aibreán 1959,

DE BHRÍ, ar a shon sin, go bhfolaíonn Airteagal 20 den Choinbhinsiún seo cora sonracha áirithe a bhaineann le teileachumarsaidí a idircheapadh nach bhfuil aon impleachtaí acu maidir le cora eile den sórt sin atá lasmuigh de raon feidhme an Choinbhinsiúin,

DE BHRÍ go bhfuil prionsabail ghinearálta an dlí idináisiúnta infheidhme ar na cora nach bhfuil folaithe sa Choinbhinsiún seo,

AG AITHINT DÓIBH nach ndéanann an Coinbhinsiún seo difear d'fheidhmiú na bhfreagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus an tslándáil imnheánach a choimirciú agus go mbraitheann sé ar gach Ballstát na coinníollacha a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 33 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, faoina ndéanfaidh sé an t-ord poiblí a chaomhnú agus an tslándáil imnheánach a choimirciú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

TEIDEAL I

FORALACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Gaolmhaireacht le coinbhinsiúin eile um chúnamh frithpháirteach

1. Is é is aidhm don Choinbhinsiún seo na forálacha seo a leanas a fhorlíonadh agus a gcur i bhfeidhm idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú:

(a) Coinbhinsiún Eorpach an 20 Aibreán 1959 um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla, dá ngairtear an 'Coinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta;

(b) Prótacal Breise an 17 Márta 1978 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach;

(c) na forálacha um chúnamh frithpháirteach i gCoinbhinsiún an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1995 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Chur chun Feidhme Schengen' anseo feasta), nach bhfuil aisghairthe de bhun Airteagal 2(2);

(d) Caibidil 2 de Chonradh an 27 Meitheamh 1962 um Eiseachadadh agus Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ríocht na Beilge, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre, mar atá arna leasú ag Prótacal an 11 Bealtaine 1994 (dá ngairtear 'Conradh Benelux' anseo feasta), i gcomhthéacs an chaidrimh idir na Ballstáit de Aontas Eacnamaíoch Benelux.

2. Ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo difear do chur i bhfeidhm forálacha níos fabhraí i gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha idir Ballstáit nó, mar a fhoráiltear in Airteagal 26(4) den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnanmh Frithpháirteach, i socruithe um chúnaimh frithpháirteach in ábhair choiriúla arna gcomhaontú ar bhonn reachtaíocht chomhionann nó ar bhonn córas speisialta trína bhforáiltear bearta um chúnamh frithpháirteach a chur i bhfeidhm go cómhalartach ar a gcríocha faoi seach.

Airteagal 2

Forálacha a bhaineann le hacquis Schengen

1. Na forálacha de chuid Airteagail 3, 5, 6, 7, 12 agus 23 agus, a mhéad is ábhartha do Airteagal 12, de chuid Airteagail 15 agus 16, agus a mhéad is ábhartha do na hAirteagail dá dtagraítear, de chuid Airteagal 1, is éard iad bearta a leasaíonn nó a fhorbraíonn na forálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn A atá i gceangal leis an gComhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen [1] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

2. Déantar forálacha Airteagail 49(a), 52, 53 agus 73 de Choinbhinsiún Chur chun Feidhme Schengen a aisghairm leis seo.

Airteagal 3

Imeachtaí a bhfuil cúnamh frithpháirteach le tabhairt i ndáil leo freisin

1. Tabharfar cúnamh frithpháirteach freisin in imeachtai arna dtabhairt ag na húdaráis riarthacha i leith gníomhartha atá inphionóis faoin dlí náisiúnta sa Bhallstát iarrthach nó sa Bhallstát iarrtha nó sa dá Bhallstát araon de bhua gur sáruithe iad ar rialacha dlí má thagann chun cinn de thoradh ar an mbreith imeachtaí os comhair cúirt a bhfuil dlinse aici in ábhair choiriúla ach go háirithe.

2. Tabharfar cúnamh frithpháirteach freisin i ndáil le himeachtaí coiriúla agus le himeachtaí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann le cionta nó le sáruithe a bhféadfar duine dlítheanach a chur faoi dhliteanas ina leith sa Bhallstát iarrthach.

---

[1] IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

Airteagal 4

Foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach a thorghníomhú

1. Nuair a thugtar cúnamh frithpháirteach, comhlíonfaidh an Ballstát iarrtha na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta atá sonraithe go sainráite ag an mBallstát iarrthach, mura bhforáiltear a mhalairt sa Choinbhinsiún seo agus ar chuntar nach bhfuil na foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta sin contrártha le prionsabail bhunúsacha an dlí sa Bhallstát iarrtha.

2. Déanfaidh an Ballstát iarrtha an iarraidh ar chúnamh a fhorghníomhú a luaithe is féidir agus tabharfaidh sé oiread aird agus is féidir ar na spriocdhátaí nós imeachta agus aon spriocdhátaí eile arna sonrú ag an mBallstát iarrthach. Míneoidh an Ballstát iarrthach na cúiseanna atá leis an spriocdháta.

3. Nuair nach féidir an iarraidh a fhorghníomhú nó nuair nach féidir í a fhorghhníomhú go hiomlán i gcomhréir leis na ceanglais arna socrú ag an mBallstát iarrthach, cuirfidh na húdaráis sa Bhallstát iarrtha na húdaráis sa Bhallstát iarrthach ar an eolas go pras agus cuirfidh siad i bhfios na coinníollacha faoina bhféadfaí an iarraidh a fhorghníomhú. Féadfaidh na húdaráis sa Bhallstát iarrthach agus sa Bhallstát iarrtha teacht ar comhaontú iardain maidir le gníomhaíocht sa bhreis atá le glacadh maidir leis an iarraidh trí ghníomhaíocht den sórt sin a chur faoi réir na coinníollacha sin a chomhall, más gá.

4. Má tá sé intuartha nach féidir an spriocdháta a chomhlíonadh atá socraithe ag an mBallstát iarrthach don iarraidh a fhorghníomhú, agus má shonraítear go sainráite sna cúiseanna dá dtagraítear sa dara habairt i mír 2 go mbeidh de thoradh ar aon mhoill na himeachtaí arna seoladh sa Bhallstát iarrthach a dhochrú go substaintiúil, sonróidh na húdaráis sa Bhallstát iarrtha go pras an t-am a mheastar is gá chun an iarraidh a fhorghníomhú. Sonróidh na húdaráis sa Bhallstát iarrthach go pras an bhfuil an iarraidh le cumhdach dá ainneoin sin is uile. Féadfaidh na húdaráis sa Bhallstát iarrthach agus sa Bhallstát iarrtha teacht ar comhaontú iardain maidir le gníomhaíocht sa bhreis atá le glacadh maidir leis an iarraidh.

Airteagal 5

Doiciméid nós imeachta a sheoladh agus a sheirbheáil

1. Déanfaidh gach Ballstát doiciméid nós imeachta atá ceaptha le haghaidh daoine atá ar chríoch Ballstáit eile a sheoladh go díreach tríd an bpost chucu.

2. Ní fhéadfar doiciméid nós imeachta a sheoladh trí na húdarais inniúla sa Bhallstát iarrtha ach amháin más rud é:

(a) nach eol seoladh an duine a bhfuil an doiciméad ceaptha lena aghaidh nó go bhfuil amhras ann faoin seoladh; nó

(b) go n-éilíonn an dlí ábhartha nós imeachta sa Bhallstát iarrthach cruthúnas gur seirbheáladh an doiciméad ar an seolaí seachas an cruthúnas is féidir a fháil tríd an bpost; nó

(c) nárbh fhéidir an doicirnéad a sheirbheáil tríd an bpost; nó

(d) go bhfuil cúiseanna réasúnaithe ag an mBallstát iarrthach lena mheas go mbeidh an seoladh tríd an bpost neamhéifeachtach nó neamhiornchuí.

3. Nuair atá cúis ann lena chreidiúint nach dtuigeann an seolaí an teanga ina bhfuil an doiciméad tarraingthe suas, ní foláir an doiciméad, nó ar a laghad na sleachta tábhachtacha de, a aistriú go teanga nó go ceann de theangacha an Bhallstáit ar ar a chríoch atá an seolaí ag fanacht. Más eol don údarás a d'eisigh an doicméad nós imeachta nach dtuigeann an seolaí ach teanga éigin eile, ní foláir an doiciméad, nó ar a laghad na sleachta tábhachtacha de, a aistriú go dtí an teanga eile sin.

4. Beidh ag gabháil le gach doiciméad nós imeachta tuarascáil a shonraíonn go bhféadfaidh an seolaí faisnéis a fháil ón údarás trínar eisíodh an doiciméad nó ó údaráis eile sa Bhallstát sin i dtaca lena chearta agus lena oibleagáidí a bhaineann leis an doiciméad. Beidh mír 3 infheidhme freisin ar an tuarascáil sin.

5. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do chur i bhfeidhm Airteagail 8, 9 agus 12 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus Airteagail 32, 34 agus 35 de Chonradh Benelux.

Airteagal 6

Iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a tharchur

1. Iarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus gach malartú spontáineach faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 7 déanfar iad i scríbhinn, nó trí aon mheán atá in ann taifead scríofa a dhéanamh faoi choinníollacha a cheadaíonn don Bhallstát is faighteoir an bharántúlacht a shuíomh. Déanfar iarrataí den sórt sin go díreach idir na húdaráis bhreithiúnacha a bhfuil inniúlacht chríochach acu maidir lena dtionscnamh agus lena bhforghníomhú, agus déanfar iad a chur ar ais trí na bealaí céanna mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo.

Aon fhaisnéis arna tabhairt ag Ballstát ar mhaithe le himeachtaí sna cúirteanna i mBallstát eile de réir bhrí Airteagal 21 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus Airteagal 42 de Chonradh Benelux, féadfaidh an fhaisnéis sin bheith ina hábhar do chumarsáidí díreacha idir na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

2. Beidh mír 1 gan dochar don chaoi iarrataí a sheoladh nó a chur ar ais i gcásanna sonracha:

(a) idir údarás lárnach i mBallstát amháin agus údarás lárnach i mBallstát eile; nó

(b) idir údarás breithiúnach i mBallstáit amháin agus údarás lárnach i mBallstát eile.

3. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh an Ríocht Aontaithe agus Éire faoi seach a dhearbhú, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a thabhairt, nach mór iarrataí agus cumarsáidí chuige mar atá arna sonrú sa dearbhú, a sheoladh trína údarás lárnach. Féadfaidh na Ballstáit sin tráth ar bith le dearbhú eile raon féidhme an dearbhaithe sin a theorannú d'fhonn éifeacht níos mó a thabhairt do mhír 1. Déanfaidh siad amhlaidh nuair a chuirtear na forálacha um chúnamh frithpháirteach i gCoinbhinsiún Chur chun Feidhme Schengen i bhfeidhm maidir leo.

Féadfaidh aon Bhallstát prionsabal na cómhalartachta a chur i bhfeidhm i ndáil leis na dearbhuithe dá dtagraítear thuas.

4. Féadfar aon iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a dhéanamh i gcás práinne trí Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coiriúla (Interpol) nó trí aon chomhlacht is inniúil faoi na forálacha arna nglacadh de bhun an Conradh ar an Aontas Eorpach.

5. I dtaca le hiarrataí de bhun Airteagail 12, 13 nó 14, nuair is é an t-údarás inniúil údarás breithiúnach nó údarás lárnach i mBallstát amháin agus údarás póilíneachta nó custaim i mBallstáit eile, féadfar iarrataí a dhéanamh agus a fhreagairt go díreach idir na húdaraís sin. Beidh mír 4 infheidhme ar na tadhaill sin.

6. I dtaca le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach i ndáil le himeachtaí mar atá beartaithe in Airteagal 3(1), nuair is é an t-údarás inniúil údarás breithiúnach nó údarás lárnach i mBallstát amháin agus údarás riarthach i mBallstáit eile, féadfar iarrataí a dhéanamh agus a fhreagairt go díreach idir na húdaráis sin.

7. Féadfaidh aon Bhallstát a dhearbhú, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a thabhairt, nach bhfuil sé faoi cheangal ag an gcéad abairt de mhír 5 nó de mhír 6 den Airteagal seo nó acu araon nó nach gcuirfidh sé na forálacha sin i bhfeidhm ach faoi choinníollacha airithe a shonróidh sé. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar nó a leasú tráth ar bith.

8. Déanfar na hiarrataí nó na cumarsáidí seo a leanas trí na húdaráis lárnacha sna Ballstáit:

(a) iarrataí ar dhaoine atá ar coimeád a aistriú go sealadach nó iad a thrasdul dá dtagraítear in Airteagal 9 den Choinbhinsiún seo, in Airteagal 11 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus in Airteagal 33 de Chonradh Benelux;

(b) fógraí maidir le faisnéis ó thaifid bhreithiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 22 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus in Airteagal 43 de Chonradh Benelux. Ar a shon sin, féadfar iarrataí ar chóipeanna de chiontuithe agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 den Phrótacal Forlíontach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach a dhéanamh go díreach leis na húdaráis inniúla.

Airteagal 7

Faisnéis a mhalartú go spontáineach

1. Féadfaidh na húdarais inniúla sna Ballstáit, faoi theorainneacha a ndlí náisiúnta agus gan iarraidh a fháil chuige sin, faisnéis a mhalartú a bhaineann le cionta coiriúla agus le sáruithe ar rialacha dlí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), a dtiteann an cúram na cionta sin a phionósú nó a láimhseáil faoi inniúlacht an údaráis is faighteoir tráth na faisnéise a sholáthar.

2. Maidir leis an bhfaisnéis sin a úsáid féadfaidh an t-údarás is soláthróir coinníollacha a fhorchur, de bhun a dhlí náisiúnta, ar an údarás is faighteoir.

3. Beidh an t-údarás is faighteoir faoi cheangal ag na coinníollacha sin.

TEIDEAL II

IARRATAÍ AR CHINEÁLACHA ÁIRITHE DE CHÚNAMH FHRITHPHÁIRTEACH

Airteagal 8

Aiseag

1. Arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach agus gan dochar do na cearta atá ag tríú páirtithe *bona fide*, féadfaidh an Ballstát iarrtha earraí arna bhfáil trí mheáin choiriúla a chur ar láimh don Bhallstát iarrthach ar mhaithe lena n-aiseag leis na húinéirí dleachtacha.

2. Agus Airteagail 3 agus 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus Airteagail 24(2) agus 29 de Chonradh Benelux á gcur i bhfeidhm aige, féadfaidh an Ballstát iarrtha aischur earraí arna soláthar don Bhallstát iarrthach a tharscaoileadh, sula dtugtar suas iad nó ina dhiaidh, más féidir mar sin aiseag na n-earraí sin leis an úinéir dleachtach a éascú. Ní dhéanfar difear do na cearta atá ag tríú páirtithe *bona fide*.

3. Má dhéantar tarscaoileadh sula dtugtar suas na hearraí don Bhallstát iarrthach, ní fheidhmeoidh an Ballstát iarrtha aon cheart maidir le slándáil ná aon cheart eile maidir le hagairt faoi reachtaíocht chánach nó custaim i leith na n-earraí sin.

Tarscaoileadh den sórt dá dtagraítear i mír 2, beidh sé gan dochar don cheart atá ag an mBallstát iarrtha cánacha nó dleachtana a bhailiú ón úinéir dleachtach.

Airteagal 9

Daoine atá ar coimeád a aistriú go sealadach ar mhaithe le himscrúdú

1. Nuair atá comhaontú idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit i dtrácht, féadfaidh Ballstát a bhfuil imscrúdú iarrtha aige ar gá an duine atá ar coimeád ar a chríoch féin a bheith i láthair chuige an duine sin a aistriú go sealadach go críoch an Bhallstáit ina bhfuil an t-imscrúdú le déanamh.

2. Folóidh an comhaontú na socruithe chun an duine a aistriú go sealadach agus an dáta nach foláir é a thabhairt ar ais go críoch an Bhallstalt iarrthaigh roimhe.

3. Nuair is gá toiliú ón duine i dtrácht chun é a aistriú, déanfar ráiteas maidir le toiliú nó cóip de a sholáthar go pras don Bhallstát iarrtha.

4. Asbhainfear tréimhse an choimeáid ar chríoch an Bhallstáit iarrtha ó thréimhse na coinneála a bhfuil nó a mbeidh iallach ar an duine i dtrácht a chaitheamh ar chríoch an Bhallstáit iarrthaigh.

5. Beidh forálacha Airteagail 11(2) agus (3),12 agus 20 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach infheidhme *mutatis mutandis* ar an Airteagal seo.

6. Féadfaidh gach Ballstát a dhearbhú, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a thabhairt, go mbeidh gá leis an toiliú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo sula dtiocfar ar comhaontú faoi mhír 1 den Airteagal seo nó go mbeidh gá leis faoi choinníollacha áirithe atá sonraithe sa dearbhú.

Airteagal 10

Éisteacht trí fhíschomhdháil

1. Nuair atá duine ar chríoch Ballstáit amháin agus nach mór do na húdaráis bhreithiúnacha i mBallstát eile é a éisteacht mar fhinné nó mar shaineolaí, féadfaidh an dara Ballstát sin, nuair nach inmhianaithe nó nach féidir don duine atá le héisteacht láithriú go pearsanta ar a chríoch, a iarraidh go ndéanfar an éisteacht trí fhíschomhdháil mar a fhoráiltear i míreanna 2 go 8.

2. Comhaontóidh an Ballstát iarrtha don éisteacht sin trí fhíschomhdháil ar chuntar nach bhfuil úsáid na físchomhdhála contrártha lena phrionsabail bhunúsacha dlí agus ar choinníoll go bhfuil na háiseanna teicniúla aige chun an éisteacht a chur i gcrích. Mura mbeidh rochtain ag an mBallstát iarrtha ar na háiseanna teicniúla don fhíschomhdháil, féadfaidh an Ballstát iarrthach iad a chur ar fáil dó trí chomhaontú frithpháirteach eatarthu.

3. Beidh le fáil in iarrataí le haghaidh éisteacht trí fhíschomhdháil, i dteannta leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus in Airteagal 37 de Chonradh Benelux, an chúis nach inmhianaithe nó nach féidir don fhinné nó don saineolaí bheith i láthair go pearsanta, ainm an údaráis bhreithiúnaigh agus ainmneacha na ndaoine a bheidh ag seoladh na héisteachta.

4. Toghairfidh an t-údarás breithiúnach sa Bhallstát iarrtha an duine i dtrácht chun láithriú i gcomhréir leis na foirmeacha atá leagtha síos ina dhlí.

5. I dtaca le héisteacht trí fhíschomhdháil, beidh na rialacha seo a leanas infheidhme:

(a) beidh údarás breithiúnach ón mBallstát iarrtha i láthair le linn na héisteachta, agus teangaire de chúnamh aige más gá, agus beidh an fhreagracht air as céannacht an duine atá le héisteacht a áirithiú agus as urraim do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Bhallstáit iarrtha a áirithiú. Má tá an t-údarás breithiúnach sa Bhallstát iarrtha den tuairim go ndéantar prionsabail bhunúsacha dhlí an Bhallstáit iarrtha a shárú le linn na héisteachta, glacfáidh sé láithreach na bearta is gá chun a áirithiú go leanfar leis an éisteacht i gcomhréir leis na prionsabail a dúradh;

(b) bearta chun an duine atá le héisteacht a chosaint, déanfar iad a chomhaontú, más gá, idir na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrthach agus sa Bhallstát iarrtha;

(c) seolfaidh an t-údarás breithiúnach sa Bhallstát iarrthach an éisteacht go díreach nó seolfar faoina stiúradh í i gcomhréir lena dhlíthe féin;

(d) arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach nó don duine atá le héisteacht, airitheoidh an Ballstát iarrtha go bhfuil teangaire de chúnamh más gá ag an duine atá le héisteacht;

(e) féadfaidh an duine atá le héisteacht an ceart a éileamh gan fianaise a thabhairt a fhabhródh chuige faoin dlí sa Bhallstát iarrtha nó sa Bhallstát iarrthach.

6. Gan dochar d'aon bhearta arna gcomhaontú ar mhaithe le daoine a chosaint, déanfaidh an t-údarás breithiúnach sa Bhallstát iarrtha, nuair atá deireadh leis an éisteacht, miontuairiscí a tharraingt suas a shonraíonn dáta agus ionad na héisteachta, céannacht an duine ar tugadh éisteacht dó, céannacht agus feidhmeanna gach duine eile sa Bhallstát iarrtha a bhí rannpháirteach san éisteacht, aon mhionnaí a tugadh agus na dálaí teicniúla inar cuireadh an éisteacht ar siúl. Díreoidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát iarrtha an doiciméad chuig an údarás inniúil sa Bhallstát iarrthach.

7. Déanfaidh an Ballstát iarrthach an costas a bhaineann leis an bhfísnasc a bhunú, na costais a bhaineann leis an bhfísnasc a sheirbhísiú sa Bhallstát iarrtha, luach saothair na dteangairí arna soláthar aige agus liúntais do fhinnéithe agus do shaineolaithe agus a gcostais taistil sa Bhallstát iarrtha a aisíoc leis an mBallstát iarrtha mura dtarscaoilfidh an déanach aisíocaíocht iomlán nó páirteach na gcostas sin.

8. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú, nuair atá finnéithe nó saineolaithe á n-éisteacht ar a chríoch i gcomhréir leis an Airteagal seo agus go ndiúltaíonn siad fianaise a thabhairt nuair atá oibleagáid orthu fianaise a thabhairt nó nach dtugann siad fianaise de réir na firinne, go bhfuil a dhlí náisiúnta infheidhme amhail is dá gcuirfí an éisteacht ar siúl i nós imeachta náisiúnta.

9. Féadfaidh na Ballstáit ar a rogha féin forálacha an Airteagail seo a chur i bhfeidhm, nuair is iomchuí agus le comhaontú óna n-údaráis bhreithiúnacha inniúla, ar éisteachtaí trí fhíschomhdháil ina bhfuil cúisí i dtreis. Sa chás sin, beidh an cinneadh an fhíschomhdháil a chur ar siúl, agus an dóigh ina gcuirfear an fhíschomhdháil i gcrích, faoi réir comhaontú idir na Ballstáit i dtrácht, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus le hionstraimí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún Eorpach 1950 chun Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

Féadfaidh aon Bhallstát a dhearbhú, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a thabhairt, nach gcuirfidh sé an chéad mhír i bhfeidhm. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar tráth ar bith.

Ní chuirfear éisteachtaí i gcrích ach amháin le toiliú ón gcúisí. Glacfaidh an Chomhairle pé rialacha is gá in ionstraim atá ceangailteach go dlítheanach d'fhonn na cearta atá ag cúisithe a chosaint.

Airteagal 11

Finnéithe agus saineolaithe a éisteacht trí theileachomhdháil

1. Nuair atá duine ar chríoch Ballstáit amháin agus nach mór do na húdaráis bhreithiúnacha i mBallstát eile é a éisteacht mar fhinné nó mar shaineolaí, féadfaidh an dara Ballstát sin, má fhoráiltear amhlaidh ina dhlí náisiúnta, cúnamh a iarraidh ar an gcéad Bhallstát chun gur féidir an éisteacht a dhéanamh trí theileachomhdháil mar a fhoráiltear i míreanna 2 go 5.

2. Ni fhéadfar éisteacht a sheoladh trí theileachomhdháil ach amháin má chomhaontaíonn an finné nó an saineolaí go seolfar an éisteacht tríd an meán sin.

3. Comhaontóidh an Ballstát iarrtha don éisteacht sin trí theileachomhdháil mura bhfuil sé contrártha lena phrionsabail bhunúsacha dlí.

4. Beidh le fáil in iarraidh le haghaidh éisteacht trí theileachomhdháil, i dteannta leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus in Airteagal 37 de Chonradh Benelux, ainm an údaráis bhreithiúnaigh agus ainmneacha na ndaoine a bheidh ag seoladh na héisteachta agus sonraí go bhfuil an finné nó an saineolaí toilteanach páirt a ghlacadh in éisteacht trí theileachomhdháil.

5. Comhaontóidh na Ballstáit i dtrácht ar na socruithe praiticiúla a bhaineann leis an éisteacht. Agus na socruithe sin á gcomhaontú acu, gabhfaidh an Ballstát iarrtha ar láimh:

(a) fógra a thabhairt don fhinné nó don saineolaí i dtrácht ar am agus ar ionad na héisteachta;

(b) céannacht an fhinné nó an tsaineolaí a airithiú;

(c) fíorú go gcomhaontaíonn an finné nó an saineolaí don éisteacht trí theileachomhdháil.

Féadfaidh an Stát iarrtha a chomhaontú a chur go hiomlán nó go páirteach faoi réir na bhforálacha ábhartha d'Airteagal 10(5) agus (8). Mura gcomhaontófar a mhalairt, beidh forálacha Airteagal 10(7) infheidhme *mutatis mutandis*.

Airteagal 12

Seachadtaí rialaithe

1. Gabhfaidh gach Ballstát ar láimh a áirithiú go bhféadfar seachadtaí rialaithe a cheadú ar a chríoch, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, faoi chuimsiú imscrúduithe coiriúla maidir le cionta ineiseachadta.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrtha cinneadh seachadtaí rialaithe a úsáid ó chás go chéile, agus aird chuí á tabhairt acu ar an dlí náisiúnta sa Stát sin.

3. Déanfar na seachadtaí rialaithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta sa Bhallstát iarrtha. Is ag na húdaráis inniúla sa Bhallstát sin a bheidh an ceart chun gníomhú agus chun na hoibríochtaí a dhíriú agus a rialú.

Airteagal 13

Foirne comhpháirteacha iniúchóireachta

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla in dá Bhallstát nó níos mó, trí chomhaontú frithpháirteach, foireann chomhpháirteach iniúchóireachta a chur ar bun ar mhaithe le cuspóir sonrach agus go ceann tréimhse teoranta, is féidir a shíneadh de thoil a cheile, chun imscrúduithe coiriúla a chur i gcrích i mBallstát amháin nó níos mó a chuireann an fhoireann ar bun. Beidh comhdhéanamh na foirne leagtha amach sa chomhaontú.

Féadfar foireann chomhpháirteach iniúchóireachta a chur ar bun:

(a) nuair a éilíonn fiosrúcháin de chuid Ballstáit maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha imscrúduithe deacra achrannacha a bhfuil naisc acu le Ballstáit eile;

(b) nuair atá roinnt Ballstát ag seoladh imscrúduithe maidir le cionta coiriúla ina n-éilíonn imthosca an cháis gníomhaíocht chomhordaithe, chomhbheartaithe sna Ballstáit i dtrácht.

Féadfaidh aon cheann de na Ballstáit i dtrácht iarraidh a dhéanamh chun foireann chomhpháirteach iniúchóireachta a chur ar bun. Cuirfear an fhoireann ar bun i gceann de na Ballstáit ina bhfuiltear ag súil go gcuirfear na himscrúduithe i gcrích.

2. I dteannta leis an bhfaisnéis dá dtagraítear sna forálacha ábhartha d'Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus d'Airteagal 37 de Chonradh Benelux, beidh in iarrataí chun foireann chomhpháirteach iniúchóireachta a chur ar bun tograí maidir le comhdhéanamh na foirne.

3. Oibreoidh foireann chomhpháirteach iniúchóireachta ar chríoch na mBallstát a chuireann an fhoireann ar bun faoi na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

(a) beidh i gceannas ar an bhfoireann ionadaí ón údarás inniúil atá rannpháirteach sna himscrúduithe coiriúla ón mBallstát ina bhfuil an fhoireann ag oibriú. Gníomhóidh ceannaire na foirne laistigh de theorainneacha a chuid inniúlachta faoin dlí náisiúnta;

(b) cuirfidh an fhoireann a cuid oibríochtaí i gcrích i gcomhréir leis an dlí sa Bhallstát ina bhfuil sí ag oibriú. Cuirfidh baill na foirne a gcuid cúraimí i gcrích faoi cheannaireacht an té dá dtagraítear i bhfomhír (a), ag féachaint do na coinníollacha arna socrú ag a gcuid údarás féin sa chomhaontú maidir leis an bhfoireann a chur ar bun;

(c) déanfaidh an Ballstát ina bhfuil an fhoireann ag oibriú na socruithe eagrúcháin is gá chuige sin.

4. San Airteagal seo, déarfar go bhfuil na baill den fhoireann chomhpháirteach iniúchóireachta ó Bhallstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an fhoireann ag oibriú ar iasacht don fhoireann.

5. Beidh na baill a thugtar ar iasacht don fhoireann chomhpháirteach iniúchóireachta i dteideal bheith i láthair nuair a ghlactar bearta iniúchóireachta sa Bhallstát ina bhfuil an oibríocht ar siúl. Ar a shon sin, féadfaidh ceannaire na foirne, ar chúiseanna ar leith, i gcomhréir leis an dlí sa Bhallstát ina bhfuil an fhoireann ag oibriú, a mhalairt de chinneadh a dhéanamh.

6. Féadfaidh ceannaire na foirne, i gcomhréir leis an dlí sa Bhallstát ina bhfuil an fhoireann ag oibriú, an cúram a chur ar bhaill a thugtar ar iasacht don fhoireann chomhpháirteach iniúchóireachta bearta iniúchóireachta áirithe a ghlacadh má tá a leithéid formheasta ag na húdaráis inniúla i mBallstát na hoibríochta agus sa Bhallstát a thug ar iasacht iad.

7. Má theastaíonn ón bhfoireann chomhphairteach iniúchóireachta go nglacfaí bearta i gceann de na Ballstáit a chuireann an fhoireann ar bun, féadfaidh baill a thugtar ar iasacht ón mBallstát sin a iarraidh ar a n-údarais inniúla féin na bearta sin a ghlacadh. Measfar na bearta sin sa Bhallstát sin faoi na coinníollacha a bheadh infheidhme dá n-iarrfaí iad in íniúchadh náisiúnta.

8. Má theastaíonn ón bhfoireann chomhphairteach iniúchóireachta cúnamh ó Bhallstát seachas iad sin a chuir an fhoireann ar bun, nó ó thríú Stát, féadfaidh na húdaráis inniúla i Stát na hoibríochta an iarraidh ar chúnamh a dhéanamh ar an Stát eile i dtrácht i gcomhréir leis na hionstraimí nó socruithe ábhartha.

9. Féadfaidh ball den fhoireann chomhpháirteach iniúchóireachta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus laistigh de theorainneacha a (h)inniúlachta, faisnéis atá ar fáil sa Bhallstát a thug ar iasacht é/í a sholáthar don fhoireann ar mhaithe leis na himscrúduithe coiriúla arna gcur i gcrích ag an bhfoireann.

10. Faisnéis arna fáil go dleathach ag ball nó ag ball atá ar iasacht le linn dó/di bheith ina c(h)uid d'fhoireann chomhpháirteach iniúchóireachta agus nach bhfuil ar fáil ar shlí eile do na húdaráis inniúla sna Ballstáit i dtrácht, féadfar í a úsáid chun na gcríoch seo a leanas:

(a) ar mhaithe leis na críocha ar cuireadh an fhoireann ar bun;

(b) faoi réir toiliú roimh ré ón mBallstát ina bhfuil an fhaisnéis ar fáil chun cionta coiriúla eile a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. M fhéadfar an toiliú sin a dhiúltú ach amháin i gcásanna nuair a dhochródh úsáid na faisnéise sin imscrúduithe coiriúla sa Bhallstát i dtrácht nó ina bhféadfadh an Ballstát sin cúnamh frithpháirteach a dhiúltú ina leith;

(c) chun bagairt láithreach thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí a chosc agus gan dochar d'fhomhír (b) má osclaítear imscrúdú coiriúil iardain;

(d) chun críoch eile a mhéad atá a leithéid comhaontaithe idir na Ballstáit a chuireann an fhoireann ar bun.

11. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'aon fhorálacha nó socruithe eile atá ann maidir le foirne comhpháirteacha iniúchóireachta a chur ar bun agus maidir lena n-oibriú.

12. A mhéad a cheadaíonn na dlíthe sna Ballstáit i dtrácht nó forálacha aon ionstraim dlí is infheidhme orthu iad, féadfar socruithe a chomhaontú chun go dtig le daoine seachas na hionadaithe do na húdaráis inniúla sna Ballstáit an fhoireannn chomhpháirteach iniúchóireachta a chur ar bun chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na foirne. Féadfar a áireamh orthu sin, mar shampla, oifigigh do chomhlachtaí arna gcur ar bun de bhun an Conradh ar an Aontas Eorpach. Na cearta arna dtabhairt do na baill den fhoireann nó do na baill den fhoireann atá ar iasacht de bhua an Airteagail seo, ní bheidh siad infheidhme ar na daoine sin mura sonraítear a mhalairt go sainráite sa chomhaontú.

Airteagal 14

Imscrúduithe folaitheacha

1. Féadfaidh an Ballstát iarrthach agus an Ballstát iarrtha a chomhaontú cúnamh a thabhairt dá chéile maidir le himscrúduithe a sheoladh ar choireanna atá á ndéanamh ag oifigigh atá ag gníomhú faoi cheilt nó faoi chéannacht bhréagach (imscrúduithe folaitheacha).

2. Glacann na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrtha an cinneadh ar an iarraidh i ngach cás leithleach agus aird chuí á tabhairt acu ar a dhlí náisiúnta agus ar a nósanna imeachta náisiúnta. An ré a mhaireann an t-imscrúdú folaitheach, na coinníollacha mionsonraithe, stádas dlítheanach na n-oifigeach i dtrácht le linn imscrúduithe folaitheacha, déanfar iad a chomhaontú idir na Ballstáit agus aird chuí á tabhairt acu ar a ndlí náisiúnta agus ar a nósanna imeachta náisiúnta.

3. Cuirfear imscrúduithe folaitheacha i gcrích i gcomhréir le dlí náisiúnta agus le nósanna imeachta náisiúnta an Bhallstáit ar ar a chríoch a dhéantar an t-imscrúdú folaitheach. Comhoibreoidh na Ballstáit i dtreis chun a áirithiú go ndéantar an t-imscrúdú folaitheach a ullmhú agus a mhaoirsiú agus chun socruithe a dhéanamh maidir le slándáil na n-oifigeach atá ag gníomhú faoi cheilt nó faoi chéannacht bhréagach.

4. Féadfaidh aon Bhallstát, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a thabhairt, a dhearbhú nach bhfuil sé faoi cheangal ag an Airteagal seo. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar tráth ar bith.

Airteagal 15

Dliteanas coiriúil maidir le hoifigigh

Le linn na n-oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagail 12, 13 agus 14, measfar oifigigh ó Bhallstát seachas Ballstát na hoibríochta mar oifigigh de Bhallstát na hoibríochta maidir le cionta arna ndéanamh ina gcoinne nó arna ndéanamh acu.

Airteagal 16

Dliteanas sibhialta maidir le hoifigigh

1. Nuair atá oifigigh ó Bhallstát, i gcomhréir le hAirteagail 12, 13 agus 14, ag oibriú i mBallstát eile, beidh an chéad Bhallstát freagrach as aon damáiste arna dhéanamh acu agus iad i mbun a gcúraimí, i gcomhréir leis an dlí sa Bhallstát a bhfuil siad ag oibriú ar a chríoch.

2. An Ballstát ar ar a chríoch a dhéantar an damaiste dá dtagraítear i mír 1, deiseoidh sé an damáiste sin faoi na coinníollacha is infheidhme ar dhamáiste arna dhéanamh ag a chuid oifigeach.

3. An Ballstát arbh iad a chuid oifigeach a rinne an damáste do dhuine ar bith ar chríoch Ballstáit eile, cúiteoidh sé go hiomlán leis an mBallstát eile sin aon suimeanna atá íoctha aige do na híospairtigh nó do dhaoine eile a bhí ina dteideal.

4. Gan dochar d'fheidhmiú na gceart i leith tríú páirtithe agus gan dochar do mhír 3, staonfaidh gach Ballstát, sa chás dá bhforáiltear i mír 1, ó chúiteamh damáistí a dfhulaing se a iarraidh ó Bhallstát eile.

TEIDEAL III

TEILEACHUMARSÁIDÍ A IDIRCHEAPADH

Airteagal 17

Údaráis atá inniúil chun teileachumarsáidí a idircheapadh

Chun críocha fhorálacha Airteagail 18, 19 agus 20 a chur i bhfeidhm, is é is ciall le 'údarás inniúil' údarás breithiúnach, nó, mura bhfuil aon inniúlacht ag údaráis bhreithiúnacha sa réimse atá folaithe sna forálacha seo, údarás inniúil coibhéiseach arna shonrú de bhun Airteagal 24(1)(e) agus ag gníomhú dó ar mhaithe le fiosrúchán coiriúil.

Airteagal 18

Iarrataí ar theileachumarsáidí a idircheapadh

1. Ar mhaithe le himscrúdú coiriúil, féadfaidh údarás inniúil sa Bhallstát iarrthach iarraidh a dhéanamh, i gcomhréir le ceanglais a dhlí inmheánach, chuig údarás inniúil sa Bhallstát iarrtha:

(a) chun go ndéanfaí teileachumarsáidí a idircheapadh agus a tharchur láithreach chuig an mBallstát iarrthach; nó

(b) chun go ndéanfaí teileachumarsáidí a idircheapadh agus a thaifeadadh agus taifeadadh na dteileachumarsáidí a tharchur iardain chuig an mBallstát iarrthach.

2. Féadfar iarrataí faoi mhír 1 a dhéanamh i ndáil le meáin teileachumarsáide a úsáid ag an duine is ábhar don idircheapachán, má tá an duine sin i láthair:

(a) sa Bhallstát iarrthach, agus nuair atá gá ag an mBallstát iarrthach le cúnamh teicniúil ón mBallstát iarrtha chun a t(h)eileachurnarsáidí a idircheapadh;

(b) sa Bhallstát iarrtha, agus nuair is féidir a t(h)eileachumarsáidí a idircheapadh sa Bhallstát sin;

(c) i dtríú Ballstát a cuireadh ar an eolas de bhun Airteagal 20(2)(a), agus nuair atá gá ag an mBallstát iarrthach le cúnamh teicniúil ón mBallstát iarrtha chun a t(h)eileachumarsáidí a idircheapadh.

3. De mhaolú ar Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus ar Airteagal 37 de Chonradh Benelux, beidh an méid seo a leanas in iarrataí faoin Airteagal seo:

(a) sonraí an údaráis a dhéanann an iarraidh;

(b) daingniú gur eisíodh ordú nó barántas dleathach idircheapacháin i ndáil le himscrúdú coiriúil;

(c) faisnéis d'fhonn an duine is ábhar don idircheapachán a shainaithint;

(d) sonraí maidir leis an iompar coiriúil atá faoi imscrúdú;

(e) an ré is inmhianaithe don idircheapachán; agus

(f) más féidir, dóthain sonraí teicniúla a sholáthar, go háirithe an nascuimhir líonra ábhartha, chun a áirithiú gur féidir freastal don iarraidh.

4. I gcás iarraidh de bhun mhír 2(b), beidh san iarraidh freisin achoimre ar na fíorais. Féadfaidh an Ballstát iarrtha aon fhaisnéis sa bhreis a éileamh chun gur féidir leis a chinneadh an nglacfaí an beart atá iarrtha i gcás náisiúnta comhchosúil.

5. Gabhann an Ballstát iarrtha ar láimh iarrataí faoi mhír 1(a) a chomhlíonadh:

(a) i gcás iarraidh de bhun mhír 2(a) agus (c), tar éis an fhaisnéis i mír 3 a bheith soláthartha dó. Féadfaidh an Ballstát iarrtha a cheadú dul ar aghaidh leis an idircheapachán gan foirmiúlacht sa bhreis;

(b) i gcás iarraidh de bhun mhír 2(b), tar éis an fhaisnéis i míreanna 3 agus 4 a bheith soláthartha dó agus nuair a ghlacfadh sé an beart atá iarrtha i gcás náisiúnta comhchosúil. Féadfaidh an Ballstát iarrtha a thoiliú a chur faoi réir aon choinníollacha a bheadh le hurramú i gcás náisiúnta comhchosúil.

6. Nuair nach féidir í a tharchur láithreach, gabhann an Ballstát iarrtha ar láimh iarrataí faoi mhír 1(b) a chomhlíonadh, tar éis an fhaisnéis i míreanna 3 agus 4 a bheith soláthartha dó agus nuair a ghlacfadh sé an beart atá iarrtha i gcás náisiúnta comhchosúil. Féadfaidh an Ballstát iarrtha a thoiliú a chur faoi réir aon choinníoll a bheadh le hurramú i gcás náisiúnta comhchosúil.

7. Féadfaidh aon Bhallstát, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a thabhairt, a dhearbhú nach bhfuil sé faoi cheangal ag mír 6 ach amháin nuair nach féidir an tarchur a dhéanamh láithreach. Sa chás sin féadfaidh na Ballstáit eile prionsabal na cómhalartachta a chur i bhfeidhm.

8. Agus iarraidh á déanamh aige faoi mhír 1(b), féadfaidh an Ballstát iarrthach, má tá cúis ar leith aige chuige sin, trascríobh den taifeadadh a iarraidh freisin. Déanfaidh an Ballstát iarrtha iarrataí den sórt sin a bhreithniú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus lena nósanna imeachta náisiúnta.

9. An Ballstát a fhaigheann an fhaisnéis dá bhforáiltear faoi mhíreanna 3 agus 4, coinneoidh sé an fhaisnéis sin faoi rún i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

Airteagal 19

Teileachumarsáidí a idircheapadh ar chríoch naisiúnta trí sholáthróirí seirbhíse a úsáid

1. Córais de sheirbhísí teileachumarsáidí atá arna n-oibriú trí bhealach isteach (gateway) ar a gcríoch agus nach bhfuil, chun cumarsáidí ábhar an idircheapacháin atá i nBallstát eile a idircheapadh go dleathach, rochtain go díreach orthu sa dara Ballstát sin, áiritheoidh Ballstáit go bhféadfar rochtain a bheith go díreach ar na córais ar mhaithe le hidircheapachán dleathach ag an dara Ballstát sin trí sholáthróir seirbhíse ainmnithe atá i láthair ar a chríoch.

2. Sa chás dá bhforáiltear i mír 1, beidh na húdaráis inniúla i mBallstát i dteideal, ar mhaithe le himscrúdú coiriúil agus i gcomhréir leis an dlí naisiúnta is infheidhme, agus ar choinníoll go bhfuil an duine is ábhar don idircheapachán i láthair sa Bhallstát sin, an t-idircheapachán a dhéanamh trí sholáthróir seirbhíse ainmnithe atá i láthair ar a chríoch gan an Ballstát a bhfuil an bealach isteach suite ar a chríoch a tharraingt isteach sa scéal.

3. Beidh mír 2 infheidhme nuair a dhéantar an t-idircheapachán ar iarraidh a fháil arna déanamh de bhun Airteagal 18(2)(b).

4. Níl aon ní san Airteagal seo a chuirfidh cosc ar Bhallstát iarraidh a dhéanamh le Ballstát eile a bhfuil an bealach isteach suite ar a chríoch chun teileachumarsáidí a idircheapadh go dleathach i gcomhréir le hAirteagal 18, go háirithe nuair nach bhfuil aon idirghabhálaí sa Bhallstát iarrthach.

Airteagal 20

Teileachumarsáidí a idircheapadh gan cúnamh teicniúil a fháil ó Bhallstát eile

1. Gan dochar do na phrionsabail ghinearálta den dlí idirnáisiúnta ná do fhorálacha Airteagal 18(2)(c), tá na hoibleagáidí faoin Airteagal seo infheidhme ar orduithe idircheapacháin arna ndéanamh nó arna n-údarú ag an údárás inniúil i mBallstát amháin i gcúrsa imscrúduithe coiriúla a bhfuil na comharthaí sóirt ag gabháil leo gur imscrúdú iad a leanann ó chion coiriúil sonrach a dhéanamh, lena n-áirítear iarrachtaí a mhéad is cionta coiriúla iad faoin dlí náisiúnta, d'fhonn na daoine is ciontach a shainaithint agus a ghabháil, a chúiseamh agus a ionchúiseamh nó breithiúnas a thabhairt orthu.

2. Nuair a údaraíonn an t-údarás inniúil i mBallstát amháin ('an Ballstát idircheapacháin'), ar mhaithe le himscrúdú coiriúil, teileachumarsáidí a idircheapadh agus go bhfuil seoladh teileachumarsáide an té atá sonraithe san ordú idircheapacháin á úsáid ar chríoch Ballstáit eile ('an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige') nach gá cúnamh teicniúil uaidh chun an t-idircheapachán a dhéanamh, cuirfidh an chéad Bhallstát an Ballstát eile ar an eolas faoin idircheapachán:

(a) roimh an idircheapachán i gcásanna nuair is eol dó, agus an t-idircheapachán á ordú aige, go bhfuil an té is ábhar don idircheapachán ar chríoch an Bhallstáit sin;

(b) i gcásanna eile, láithreach tar éis fios a fhail go bhfuil an té is ábhar don idircheapachán ar chríoch an Bhallstáit sin.

3. Beidh san fhaisnéis atá le cur in iúl ag an mBallstát idircheapachain:

(a) sonraí an údaráis a dhéanann an iarraidh;

(b) daingniú gur eisíodh ordú nó barántas dleathach idircheapacháin i ndáil le himscrúdú coiriúil;

(c) faisnéis d'fhonn an duine is ábhar don idircheapachán a shainaithint;

(d) sonraí maidir leis an iompar coiriúil atá faoi imscrúdú; agus

(e) an ré is dócha a mhairfidh an t-idircheapachán.

4. Beidh an méid seo a leanas infheidhme nuair a fhaigheann Ballstát fógra de bhun mhíreanna 2 agus 3:

(a) Ar an bhfaisnéis dá bhforáiltear faoi mhír 3 a fháil, tabharfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát a bhfuil fógra faighte aige freagra gan mhoill agus faoi cheann 96 uair ar a dhéanái chuig an mBallstát idircheapacháin, ar mhaithe:

(i) lena chead a thabhairt chun an t-idircheapachán a dhéanamh nó leanúint de. Féadfaidh an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige a thoiliú a chur faoi réir aon choinníollacha a bheadh le hurramú i gcás náisiúnta comhchosúil;

(ii) lena cheangal nach ndéantar an t-idircheapachán nó nach gcuirtear i gcrích é nuair nach mbeadh an t-idircheapachán incheadaithe faoin dlí náisiúnta sa Bhallstát a bhfuil fógra faighte aige, nó ar na cúiseanna atá sonraithe in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach. Nuair a fhorchuireann an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige ceanglas mar sin, tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh i scríbhinn;

(iii) sna cásanna dá dtagraítear faoi (ii), ag ceangal nach féidir aon eolas atá idircheaptha cheana fad a bhí ábhar an idircheapacháin ar a chríoch a úsáid, nó nach féidir é a úsáid ach faoi choinníollacha a shonróidh sé. Cuirfidh an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige an Ballstát idircheapacháin ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis na coinníollacha a dúradh;

(iv) le síneadh gearr a éileamh, go feadh 8 lá ar a mhéad, de bhreis ar an spriocdháta bunaidh de 96 uair atá le comhaontú leis an mBallstát idircheapacháin chun nósanna imeachta inmheánacha faoina dhlí náisiúnta a chur i gcrích. Cuirfidh an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige i bhfios i scríbhinn don Bhallstát idircheapacháin, na coinníollacha atá, de bhun a dhlí náisiúnta, leis an síneadh arna iarraidh ar an spriocdháta.

(b) Go dtí go nglacann an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige cinneadh de bhun (i) nó (ii) de fhomhír (a), féadfaidh an Ballstát idircheapacháin:

(i) leanúint leis an idircheapachán; agus

(ii) gan an t-eolas atá idircheaptha cheana a úsáid, ach amháin:

— má comhaontaíodh ar shlí eile idir na Ballstáit i dtrácht, nó

— chun bearta práinneacha a ghlacadh chun bagairt láithreach thromchúiseach don tslándáil phoiblí a chosc. Cuirfear an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige ar an eolas faoi úsáid den sórt sin agus faoin na cúiseanna atá leis.

(c) Féadfaidh an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige achoimre de fhíorais an cháis a iarraidh mar aon le haon fhaisnéis sa bhreis is gá chun a chumasú dó a chinneadh an ndéanfaí idircheapachán a údaru i gcás náisiúnta comhchosúil. Ní dheanann iarraidh den sórt sin difear do chur i bhfeidhm fhomhír (b) ach amháin má comhaontaíodh ar shlí eile idir an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige agus an Ballstát idircheapacháin.

(d) Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir freagra a thabhairt laistigh den tréimhse 96 uair. Chuige sin ainmneoidh siad pointí tadhaill, a bheidh ar dualgas 24 an lá, agus déanfaidh siad iad a áireamh ina gcuid ráiteas faoi Airteagal 24(1)(e).

5. Coinneoidh an Ballstát a bhfuil fógra faighte aige an fhaisnéis dá bhforáiltear faoi mhír 2 faoi rún i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

6. Nuair atá an Ballstát ina ndéantar an t-idircheapachán den tuairim go bhfuil an fhaisnéis atá le soláthar faoi mhír 2 de chineál atá go hiontach íogair, féadfar í a tharchur chuig an údarás inniúil trí údarás sonrach nuair atá comhaontú déthaobhach ann ina thaobh idir na Ballstáit i dtrácht.

7. Féadfaidh aon Bhallstát, tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 27(2) a thabhairt nó tráth ar bith eile ina dhiaidh sin, a dhearbhú nach gá fáisnéis maidir le hidircheapcháin dá bhforáiltear san Airteagal seo a sholáthar dó.

Airteagal 21

Freagracht as costais arna dtabhú ag oibreoirí teileachumarsaíde

Iompróidh an Ballstát iarrthach costais arna dtabhú ag oibreoirí teileachumarsáide nó soláthróirí seirbhíse agus iarrataí faoi Airteagal 18 á gcur i gcrích acu.

Airteagal 22

Socruithe déthaobhacha

Ní choiscfidh aon ní sa Teideal seo ar shocruithe déthaobhacha nó iltaobhacha idir Ballstáit ar mhaithe le saothrú caíonna teicniúla láithreacha agus todhchaí a éascú i dtaca le teileachumarsáidí a idircheapadh go dleathach.

TEIDEAL IV

Airteagal 23

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Féadfaidh an Ballstát ar aistríodh chuige sonraí pearsanta arna bpáirtiú faoin gCoinbhinsiún seo iad a úsáid:

(a) ar mhaithe le himeachtaí a bhfuil an Coinbhinsiún seo infheidhme orthu;

(b) ar mhaithe le himeachtaí breithiúnacha agus riarthacha a bhfuil baint go díreach acu leis na himeachtaí dá dtagraítear faoi (a) thuas;

(c) chun bagairt láithreach thromchúiseach don tslándáil phoiblí a chosc;

(d) chun aon chríche eile, ach amháin le toiliú a fháil roimh ré ón mBallstát a pháirtíonn an fhaisnéis, mura bhfuil toiliú faighte ag an mBallstát i dtrácht ó abhar na sonraí.

2. Tá an tAirteagal seo infheidhme freisin ar shonraí pearsanta nach bpáirtítear ach a fhaightear ar shlí eile faoin gCoinbhinsiún seo.

3. Sna himthosca a bhaineann leis an gcás ar leith, féadfaidh an Ballstát atá ag páirtiú a chur de cheangal ar an mBallstát ar aistríodh na sonraí pearsanta chuige faisnéis a thabhairt ar an úsáid arna baint as na sonraí.

4. Nuair atá coinníollacha maidir le húsáid na sonraí pearsanta forchurtha de bhun Airteagail 7(2), 18(5)(b), 18(6) nó 20(4), is ag na coinníollacha sin a bheidh forlámhas. Nuair nach bhfuil aon choinníollacha forchurtha, beidh an tAirteagal seo infheidhme.

5. Beidh tosaíocht ag forálacha Airteagal 13(10) ar an Airteagal seo maidir le faisnéis arna fáil faoi Airteagal 13.

6. Ní bheidh an tAirteagal seo infheidhme ar shonraí pearsanta arna bhfáil ag Ballstát faoin gCoinbhnsiún seo agus atá de thionscnamh an Bhallstáit sin.

7. Féadfaidh Lucsamburg a dhearbhú, agus an Coinbinsiún á shíniú aige, go bhfuil an méid seo a leanas infheidhme nuair a pháirtíonn Lucsamburg sonraí pearsanta le Ballstát eile faoin gCoinbhinsiún seo:

Féadfaidh Lucsamburg, faoi réir mhír 1(c), sna himthosca a bhaineann le cás ar leith, a éileamh nach bhféadfar, mura bhfuil toiliú faighte ag an mBallstát i dtrácht ó ábhar na sonraí, na sonraí pearsanta a úsáid ach amháin chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b) le toiliú roimh ré ó Lucsamburg i leith imeachtaí a d'fhéadfadh Lucsamburg traschur nó úsáid na sonraí pearsanta a dhiúltú nó a theorannú i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo nó leis na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal l.

Má dhiúltaíonn Lucsamburg i gcás ar leith a thoiliú a thabhairt do iarraidh ó Bhallstát de bun fhorálacha mhír 1, caithfidh sé cúiseanna lena chinneadh a thabhairt i scríbhinn.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 24

Ráitis

1. Déanfaidh gach Ballstát, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) a thabhairt, ráiteas ina n-ainmnítear na húdaráis, de bhreis orthu siúd atá sonraithe cheana sa Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach agus i gConradh Benelux, atá inniúil chun an Coinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm agus chun na forálacha um chúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla sna hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur i bhfeidhm idir na Ballstáit, lena n-áirítear ach go háirithe:

(a) na húdaráis nó seirbhísí riarthacha, más ann, atá inniúil de réir bhrí Airteagal 3(1);

(b) údarás lárnach amháin nó níos mó d'fhonn Airteagal 6 a chur i bhfeidhm mar aon leis na húdaráis atá inniúil chun déileáil leis an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 6(8);

(c) na húdaráis phóilíneachta nó custaim, más ann, atá inniúil chun críocha Airteagal 6(5);

(d) na húdaraís riarthacha, más ann, atá inniúil chun críocha Airteagal 6(6); agus

(e) an t-údarás nó na húdaráis atá inniúil d'fhonn Airteagail 18 agus 19 agus Airteagal 20(1) go (5) a chur i bhfeidhm.

2. Féadfar ráitis arna ndéanamh i gcomhréir le mír 1 a leasú go hiomlán nó go páirteach tráth ar bith faoin nós imeachta céanna.

Airteagal 25

Forchoimeádais

Ní fhéadfar forchoimeádais a dhéanainh i leith an Choinbhinsiúin seo seachas na cinn sin dá bhforáiltear ann go sainráite.

Airteagal 26

Cur i bhfeidhm críochach

Gabhfaidh éifeacht le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo ar Ghiobráltar tar éis an Coinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach a chur i mbaint le Giobráltar.

Nuair is mian leis an Ríocht Aontaithe an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm ar Oileáin Mhuir nIocht agus ar Oileán Mhanann tabharfaidh sí fógra i scríbhinn do Uachtarán na Comhairle tar éis an Coinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach a chur i mbaint leis na críocha sin. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh ar an achainí sin ag gníomhú di le haontoilíocht a cuid ball.

Airteagal 27

Teacht i bhfeidhm

1. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil na nósanna imeachta chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh comhlánaithe acu.

3. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm 90 lá tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an Stát is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an gníomh ag bunú an Choinbhinsiúin seo arb é an t-ochtú Stát é chun an fhoirmiúlacht sin a chomhlánú.

4. Beidh ag aon fhógra ó Bhallstát i ndiaidh an t-ochtú fógra dá dtagraítear i mír 2 an éifeacht seo go dtiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, 90 lá tar éis an fhógra iardain, idir an Ballstát seo agus na Ballstáit sin a bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm iontu cheana.

5. Sula dtiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm de bhun mhír 3, féadfaidh aon Bhallstát, tráth an fhógra dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt nó tráth ar bith eile ina dhiaidh sin, a dhearbhú go mbeidh an Coinbhinsiún seo infheidhme ar a chaidreamh leis na Ballstáit a bhfuil an dearbhú céanna déanta acu. Gabhfaidh éifeacht le dearbhuithe den sórt sin 90 lá tar éis dáta a dtaiscthe.

6. Ní bheidh an Coinbhinsiún seo intheidhme ach ar chúnamh frithphairteach arna thosú tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm nó a chuirfear i bhfeidhm é de bhun mhír 5 idir na Ballstáit i dtrácht.

Airteagal 28

Aontachas Ballstát nua

1. Beidh aontachas leis an gCoinbhinsiún seo ar oscailt d'aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.

2. Is téacs údarásach téacs an Choinbhinsiúin seo i dteanga an Bhallstáit aontaigh, arna tharraingt suas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

3. Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an taiscí.

4. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm i leith aon Stát a aontaíonn dó 90 lá tar éis dó a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Choinbhinsiúin a theacht i bhfeidhm mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse thuasluaite 90 lá a dhul in éag.

5. Mura mbeidh an Coinbhinsiún seo tagtha i bhfeidhm fós tráth a n-ionstraimí aontachais a thaisceadh, beidh Airteagal 27(5) infheidhme ar Bhallstáit aontacha.

Airteagal 29

Teacht i bhfeidhm maidir leis an Íoslainn agus an Iorua

1. Gan dochar d'Airteagal 8 den Chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (an 'Comhaontú Comhlachais'), tiocfaidh na forálacha i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 2(1) i leith na hÍoslainne agus na hIorua 90 lá tar éis an Chomhairle agus an Coimisiún an fhaisnéis a fháil de bhun Airteagal 8(2) den Chomhaontú Comhlachais ar an dá Stát sin a rialacha bunreachtúla a chomhall, ina gcaidreamh frithpháirteach le haon Bhallstát a bhfuil an Coinbhinsiún seo curtha i bhfeidhm ann cheana de bhun Airteagal 27(3) nó (4).

2. Aon teacht i bhfeidhm den Choinbhinsiún seo i leith Ballstát tar éis teacht i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) i leith na hÍoslainne agus na hIorua, déanfaidh sé go bhfuil na forálacha sin infheidhme freisin sa chaidreamh frithpháirteach idir na Ballstáit agus an Íoslainn agus an Iorua.

3. Ni thiocfaidh na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) chun bheith ceangailteach ar an Íoslainn agus ar an Iorua roimh an dáta atá le socrú de bhun Airteagal 15(4) den Chomhaontú Comhlachais.

4. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 agus 3, tiocfaidh na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) i bhfeidhm i leith na hÍoslainne agus na hIorua ar dháta nach déanaí ná an dáta a thiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm don chúigiú Stát déag is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an gníomh ag bunú an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 30

Taiscí

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Choinbhinsiúin seo.

2. Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* faisnéis maidir leis an gCoinbhinsiún a ghlacadh agus aontachais leis, maidir leis na ráitis agus na forchoimeádaís maille le haon fhógra eile a bhaineann leis.

Hecho en Bruselas, el veintinueve de mayo de dos mil, en un ejemplar único, en lenguas alemana, danesa, española, finesa, francesa, griega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa y sueca, cuyos textos son igualmente auténticos y que será depositado en los archivos de la Secretaría General del Consejo de la Unión Europea. El Secretario General remitirá una copia certificado del mismo a cada Estado miembro.

Udfærdiget i Bruxelles den niogtyvende maj to tusind i ét eksemplar på dansk, engelsk, finsk, fransk, græsk, irsk, italiensk, nederlandsk, portugisisk, spansk, svensk og tysk, idet hver af disse tekster har samme gyldighed; de deponeres i arkiverne i Generalsekretariatet for Den Europæiske Union. Generalsekretæren fremsender en bekræftet kopi heraf til hver medlemsstat.

Geschehen zu Brüssel am neunundzwanzigsten Mai zweitausend in einer Urschrift in dänischer, deutscher, englischer, finnischer, französischer, griechischer, irischer, italienischer, niederländischer, portugiesischer, schwedischer und spanischer Sprache, wobei jeder Wortlaut gleichermaßen verbindlich ist; die Urschrift wird im Archiv des Generalsekretariats des Rates der Europäischen Union hinterlegt. Der Generalsekretär übermittelt jedem Mitgliedstaat eine beglaubigte Abschrift dieser Urschrift.

Έγινε στις Βρυξέλλες στις είκοσι εννέα Μαΐου δύο χιλιάδες σε ένα μόνο αντίτυπο στην αγγλική, γαλλική, γερμανική, δανική, ελληνική, ιρλανδική, ισπανική, ιταλική, ολλανδική, πορτογαλική, σουηδική και φινλανδική γλώσσα, και όλα τα κείμενα είναι εξίσου αυθενικά. Η σύμβαση κατατίθεται στο αρχείο της Γενικής Γραμματείας του Συμβουλίου της Ευρωπαϊκής Ένωσης. Ο Γενικός Γραμματέας διαβιβάζει ακριβές επικυρωμένο αντίγραφο σε κάθε κράτος μέλος.

Done at Brussels on the twenty-ninth day of May in the year two thousand in a single original in the Danish, Dutch, English, Finnish, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese, Spanish and Swedish languages, all texts being equally authentic, such original being deposited in the archives of the General Secretariat of the Council of the European Union. The Secretary-General shall forward a certified copy thereof to each Member State.

Fait à Bruxelles, le vingt-neuf mai deux mille, en un exemplaire unique, en langues allemande, anglaise, danoise, espagnole, finnoise, française, grecque, irlandaise, italienne, néerlandaise, portugaise et suédoise, les textes établis dans chacune de ces langues faisant également foi, lequel est déposé dans les archives du secrétariat général du Conseil de l'Union européenne. Le secrétaire général en fait parvenir une copie certifiée à chaque État membre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá is fiche de Bhealtaine sa bhliain dhá mhíle i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Díreoidh an tArdrúnaí cóip fhíordheimhnithe de chuig gach Ballstát.

Fatto a Bruxelles, addì ventinove maggio duemila, in un esemplare unico nelle lingue danese, finlandese, francese, greca, inglese, irlandese, italiana, olandese, portoghese, spagnola, svedese e tedesca, ciascuna di esse facente ugualmente fede, depositato negli archivi del segretariato generale del Consiglio dell'Unione europea. Il segretario generale ne trasmette una copia certificata conforme a ogni Stato membro.

Gedaan te Brussel, de negenentwintigste mei tweeduizend, in één exemplaar, in de Deense, de Duitse, de Engelse, de Finse, de Franse, de Griekse, de Ierse, de Italiaanse, de Nederlandse, de Portugese, de Spaanse en de Zweedse taal, zijnde alle teksten gelijkelijk authentiek, dat wordt neergelegd in het archief van het secretariaat-generaal van de Raad van de Europese Unie. De secretaris-generaal zendt een voor eensluidend gewaarmerkt afschrift daarvan toe aan elke lidstaat.

Feito em Bruxelas, aos vinte e nove de Maio de dois mil num único exemplar, nas línguas alemã, dinamarquesa, espanhola, finlandesa, francesa, grega, inglesa, irlandesa, italiana, neerlandesa, portuguesa e sueca, todos os textos fazendo igualmente fé, o qual será depositado nos arquivos do Secretariado-Geral do Conselho da União Europeia. O secretário-geral remeterá dele uma cópia autenticada a cada Estado-Membro.

Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäyhdeksäntenä päivänä toukokuuta vuonna kaksituhatta yhtenä ainoana alkuperäiskappaleena englannin, espanjan, hollannin, iirin, italian, kreikan, portugalin, ranskan, ruotsin, saksan, suomen ja tanskan kielellä, jonka kullakin kielellä laadittu teksti on yhtä todistusvoimainen, ja se talletetaan Euroopan unionin neuvoston pääsihteeristön arkistoon. Pääsihteeri toimittaa oikeaksi todistetun jäljennöksen yleissopimuksesta jokaiselle jäsenvaltiolle.

Som skedde i Bryssel den tjugonionde maj tjugohundra i ett enda exemplar på danska, engelska, finska, franska, grekiska, iriska, italienska, nederländska, portugisiska, spanska, svenska och tyska språken, varvid varje text äger samma giltighet, och detta exemplar skall deponeras i arkivet hos generalsekretariatet för Europeiska unionens råd. Generalsekreteraren skall överlämna en bestyrkt kopia därav till varje medlemsstat.

Pour le gouvernement du Royaume de Belgique

Voor de regering van het Koninkrijk België

Für die Regierung des Königreichs Belgien



For regeringen for Kongeriget Danmark

Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland



Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας

Por el Gobierno del Reino de España

Pour le gouvernement de la République française

Thar ceann Rialtas na hÉireann

For the Government of Ireland

Per il governo della Repubblica italiana



Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg



Voor de regering van het Koninkrijk der Nederlanden

Für die Regierung der Republik Österreich

Pelo Governo da República Portuguesa

Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar

På svenska regeringens vägnar

For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland

Dearbhú ón gComhairle maidir le hAirteagal 10(9)

Agus ionstraim a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(9) á breithniú aici, urramóidh an Chomhairle na hoibleagáidí atá ag na Ballstáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Dearbhú ón Ríocht Aontaithe maidir le hAirteagal 20

Beidh an dearbhú seo ina chuid dhílis chomhaontaithe den Choinbhinsiún:

Sa Ríocht Aontaithe, beidh Airteagal 20 infheidhme ar bharántais idircheapacháin arna n-eisiúint ag an Rúnaí Stáit don tseirbhís phóilíneachta nó don tseirbhís chustaim agus máil nuair is é is cuspoir sonraithe don bharántas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta maidir le cumarsáidí a idircheapadh, an choireacht thromchúiseach a bhrath. Beidh sé infheidhme freisin ar na barántais sin arna n-eisiúint don tSeirbhís Slándála nuair atá an tseirbhís sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ag gníomhú mar thaca le himscrúdú a bhfuil na comharthaí sóirt ag gabháil leis atá tuairiscithe in Airteagal 20(1).